Iarsmalann Tuaithe agus Iompair Uladh

AG GABHÁIL LINN

Bliain 5-8

(Aoiseanna 8-12)

Ainm:_____

Scoil:_____

AG GABHÁIL LINN

Tagraíonn uimhir na gceisteanna d' uimhir na bhfoirgneamh ar an léarscáil

3-4 Lána an Tae - Cá mhéad doras atá i lána an Tae?

_____

6-10 Sráid an Tionóil - Cuartaigh fógra do shópa. Cad é an t-ainm atá ar an sópa?

_____

11 Eaglais na hÉireann, Cill Mhór - Cá mhéad leac uaighe atá ann? (Bí cúramach, níl siad uilig sofheicthe.)

_____

12 Banc an Tuaiscirt - Cá mhéad litir atá i gcomhartha an bhainc (ní an phlaic taobh leis an doras tosaigh atá i gceist)

_____

14 An Chúirt/Teach an Mhargaidh - Cad é an t-am a gcuirtí tús leis an Chúirt Ghearr ar an Chéadaoin?

_____

15 Droichead Meáite Dhomhnach Daoi - Cén dá chathair a raibh comhlacht H. Pooley agus a Mhac lonnaithe iontu? (B'fhéidir go mbeidh ort amharc ar a talamh le teacht ar fhreagra na ceiste seo.)

_____

19 Beairic CRÉ - Cad iad na trí shiombail atá ar an phlaic os cionn an dorais?

_____

25 Seanteach an Reachtaire - Cá mhéad fuinneog atá sa teach?

_____

34 Scoil Náisiúnta Bhaile Bhairéadach - Cá mhéad céim atá ar an staighre taobh amuigh den fhoirgneamh seo? (Ná déan dearmad an ceann ag an bharr a chur san áireamh.)

_____

39 Teach Fíodóireachta Bhaile Uí Dhuagáin - Déan cuntas ar na fuinneoga uilig agus cuir an uimhir sin le líon na gcrocaí simléir.

_____

41 Muileann Lín Ghort an Chaisil - Níl cuirtíní ar bith san fhoirgneamh seo. Cad é leis a gclúdaíodh siad na fuinneoga san oíche?

_____

43 Feirm Chnoic Chois Cíbe - Tá ábhair éagsúla ar dhíon an tí agus ar dhíon na gcróite. Cad é an t-ábhar atá ar

(a) an teach_____ (b) na cróite?_____

_____

44 Muileann Spád Oileán an Ghuail - Amharc ar an siopa slim-mhaisithe. Tá rudaí ar na fuinneoga le daoine a choinneáil amach. Cá mhéad acu seo atá san fhoirgneamh san iomlán (ná déan dearmad ar na cinn atá ann ar gcúl)?

_____

45 Teach Feirme Chorr an Draighneáin - Cén chathair a raibh an comhlacht a thóg an scioból lonnaithe inti?

_____

46 Teach Feirme Chnoc an Chladaigh - Cá mhéad doras atá san fhoirgneamh seo?

_____

50 Áitreabh Bóithigh Mhachaire Gathlán - Ceanglaítear an díon síos go daingean le rópaí. Cá mhéad bacán cloiche atá ann a gceanglaitear na rópaí leo?

_____

51 Feirm Dhroim na hUinseann - Cad é atá sa gharraí tosaigh a sholáthraíonn rud éigin le hól?

_____

53 Scoil Náisiúnta Bhaile Uí Dhuagáin - Aimsigh an phlaic ar bhalla tosaigh na scoile. Cad é an t-ainm iomlán atá ar an scoil?

_____

54 Céarta Lios Réisc - Cád é an rud atá greamaithe den doras le tairní?

_____

RIALACHA MAIDIR LEIS AN SCÉIM SEO, AG GABHÁIL LINN

* FAN AR NA COSÁIN AGUS AR NA BÓITHRE

* BÍ SAN AIRDEALL AR CHARANNA AGUS AR FHEITHICLÍ EILE AR NA PRÍOMHBHÓITHRE ACH GO HÁIRITHE

* NÁ BÍ AG RITH - ÁIT AR BITH

* NÁ HOSCAIL GEATA AR BITH AGUS NÁ GABH ISTEACH I BPÁIRCEANNA A BHFUIL AINMHITHE IONTU

* IS FÉIDIR TEACHT AR FHREAGRA NA GCEISTEANNA AR AN TAOBH AMUIGH DE NA TITHE AGUS DE NA FOIRGNIMH